

❖ An Lúibín ❖

18 Feabhra 2014

An Dubh ina Gheal

Seo scannán faisnéise a rinne Paula Kehoe agus Louis de Paor do TG4. Léiríonn sé an caidreamh a bhí ag na hÉireannaigh agus na Bundúchasaigh ar a chéile san Astráil: caidreamh a raibh idir chairdeas agus chorrabhuais ag baint leis.

Astrálach is ea Paula: d'fhoghlaim sí Gaeilge agus is fada ina scannánaí faisnéise í. File is ea Louis de Paor agus chaith sé cuid mhaith de na hochtóidí san Astráil. Tá fios a ngnó acu, agus tá filíocht Louis sníofa tríd an gclár. Saothar greanta an scannán seo agus chorródh sé do chroí.

Tá fáil air ag <http://www.tg4.ie/ie/player/tg4-player.html>. Téigh go dtí 'Faisnéis' agus ar aghaidh as sin.



Nuachaintoírí

San eagrán deireanach de *An Lúibín* bhí píosa faoin obair atá á déanamh ag an Dr John Walsh, Léachtóir le Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (féach **An Breathnach agus a scéal**). Féach anois 'Feiniméan nua cainte,' alt dá chuid san *Irish Times* (29 Eanáir 2014) faoi 'New Speakers in a Multilingual Europe,' tionscadal atá ar siúl aige féin agus ag an Dr Bernadette O'Rourke, léachtóir sinsearach in Ollscoil Heriot-Watt in Albain. Tá baint ag breis is cúig ollscoil Eorpacha leis an taighde, agus tá suim ar leith ag Walsh in 'nuachaintoírí' na Gaeilge, dream a mbeadh an chuid is mó de léitheoirí *An Lúibín* ina measc.

I nuachaintoírí na hÉireann atá spéis ag Walsh. Is éard atá i gceist ná duine a d'fhoghlaim an teanga lasmuigh den bhaile (ar scoil, abair) agus a labhraíonn an teanga go rialta. Tá roinnt nuachaintoírí Gaeilge an-tugtha do chaint na Gaeltachta agus d'fhoinsí acadúla agus dímhneas acu ar aon saghas eile. A mhalairt de dhearcadh atá ag daoine eile: ní scorn leo tuin na cathrach agus is éard is tábhachtaí leo an teanga a labhairt go rialta. Tá roinnt cainteoirí níos cumasaí ná a chéile agus gan fonn ar chuid acu an ciorcal comhrá a thréigean.

Shíl an chuid is mó de na nuachaintoírí a ndeachthas chun cainte leo gur chuir labhairt na Gaeilge cor nua ina saol. Cé go gcreidtear go forleathan gur theip ar mhúineadh na Gaeilge ar scoil, léirigh an taighde a thábhachtaí a bhí an teagasc sin chun deis a thabhairt do dhaoine tabhairt faoin nGaeilge i ndáiríre. Tá tábhacht le cainteoirí dúchais a bheith ann ach ní bhíonn dea-chaidreamh ag an dá dhream ar a chéile i gcónaí. Ní i gcónaí a bhfuil fáilte ag muintir na Gaeltachta roimh dhaoine a tógadh le Gaeilge in áiteanna eile.

Is dóigh leis na nuachaintoírí go léir go bhfuil dualgas orthu an Ghaeilge a threisiú. Mar a deir Walsh, aithníonn Acht na Gaeltachta, dá lochtaí é, gur gá aird a thabhairt ar na gréasáin Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.



Lochtanna agus leigheas

Ceist atá idir sheanchaite agus thráthúil atá curtha ag Gráinne Faller in alt san *Irish Times* (28 Eanáir 2014): 'How did we get the teaching of Irish so wrong?' Tá na gnáthghearáin ann. Caitheann daltaí trí bliana déag á foghlaim ach is beag duine atá in ann í a labhairt. Deirtear gur mhaith leis na daltaí na teanga a chaomhnú, ach minic go leor ní bhaineann siad taitneamh aisti, agus uaireanta tá fuath acu di. Measann mórán múinteoirí féin go bhfuil a gcuid Gaeilge lag agus tá an ceart acu, más fíor do na tuairiscí.

Tá dea-scéala ann, mar a deir sí, agus curaclam comhtháite teanga le cur ar bun sna bunscoileanna i Mí Mheán Fómhair 2014. Is mó go mór an cúnamh a thugann sé do mhúinteoirí i gcúrsaí ábhair agus teagaisc; taispeánann sé céim ar chéim conas cuspóirí áirithe a bhaint amach, agus beidh sé ar fáil ar líne. Ach ní mór páistí a chur ag labhairt na teanga taobh amuigh den rang agus ba mhaith an rud é dá múiní ábhar eile trí Ghaeilge, cé gur iomaí múinteoir nach mbeadh in ann aige.

Is léir go bhfuil caighdeán áirithe ag teastáil, agus táthar á rá gur chóir Teastas Eorpach na Gaeilge a úsáid chuige mar shlat tomhais do mhúinteoirí agus do dhaltai araon, mar nach annamh an-difríocht idir cumas na ndaltaí in aon rang amháin.

Ach tá fadhb, mar a deir Faller, sna meánscoileanna. Eiríonn daltaí a bhfuil Gaeilge mhaith acu dubh dóite agus an múinteoir ag iarraidh Gaeilge na coda eile a fheabhsú, agus tagann domheanma ar dhaltai a bhfuil ocht mbliana caite acu gan greim a fháil ar an teanga. Deir Conradh na Gaeilge gur chóir dhá rogha a chur ar fáil i gcuraclam Gaeilge na hArdteistiméireachta – an chaint mar ábhar éigeantach agus an litríocht mar ardábhar. Deir daoine eile go laghdódh sé sin éifeacht na Gaeilge mar ábhar.

Táthar á fhiafraí anois an bhfuil Gaeilge á múineadh mar ornáid chultúrtha nó chun go mbeadh sí mar theanga bheo ag daoine. Agus cén chiall atá le 'rath' sna cúrsaí seo? B'fhéidir go bhfuilimid ag súil leis an iomarca. Ach is gá, gan amhras, scrúdú a dhéanamh ar oiliúint na múinteoirí, ar mhodhanna foghlama na ndaltaí agus ar spreagadh chun foghlama. Mar sin féin, ní bheadh a fhios agat an fiú an Ghaeilge a choinneáil mar theanga éigeantach taobh amuigh den bhunscoil; agus fiú sa bhunscoil ba cheart í a fhágáil faoi speisealtóirí seachas faoi na gnáthmhúinteoirí.



Idirghabháil 3

Portráid 3 i sraith de phortráidí de dhaoine, idir eachtrannaigh agus Ghaeil, a bhí fite fuaite i saol achramnach guagach an 16ú agus an 17ú haois in Éirinn.

Matthew de Renzy



Caisleán Chluain Damhna, áit chónaithe Matthew de Renzy.
Wikipedia Commons

Is iomaí brí is féidir a bhaint as beatha Matthew de Renzy (1577-1634): plandálaí ilteangach Gearmánach a rinne leas na Corónach in Éirinn ach a bhí sáite freisin i saol na nGael agus i saothrú na Gaeilge. Dhá aigne, dhá mheanmna.

Ceannaí éadaigh as Cologne ba ea é. Bhí cónaí air in Antwerp san Ísiltír ach bhí an tráchtáil ag meath de bharr an chogaidh idir an Spáinn agus na hOllannaigh agus d'aistrigh sé go dtí Londain am éigin roimh an mbliain 1604. Bhí deacrachtaí aige ann; theip air airgead a fháil ar ais ó cheannaithe eile, d'éirigh sé bancbhriste agus tháinig a chuid creidiúnaithe sa tóir air. Thug sé Éire air féin chun bun a dhéanamh arís. D'éirigh sé mór leis an bhFear Ionaid, an Ridire Drancis Chichester, agus thug cuairt na tíre.

Cheannaigh sé céad acra agus caisleán a thóg Muintir Chochláin ón bhfeidhmeannach Roger Downton i gCluain Damhna Beag. Bhain an ceantar le Dealbhna Eathra, críoch choillte agus phortach a raibh na Chochlánaigh i réim ann. Bhí doicheall orthu siúd roimhe; dúirt an taoiseach Seán Óg Mac Cochláin lena lucht leanúna gan earraí a cheannach uaidh ná a dhíol leis ach ar an bpraghas ab airde, agus bhíodh achrann idir an dá thaobh. Scríobhadh de Renzi chun na n-údarás ag iarraidh cabhrach agus dímheas aige ar a chomharsana:

They live upon oaten bread and speckled butter all the year, lie in straw, wear a shirt for four months or till it be rotten afore it be washed, keep beastly houses, endure rain, cold, and snow all day and then roast themselves at night like hogs; go naked and cazer from one smokie cabin to another; eat their meat at unseasonable time, fast sometimes two or three days together, and then eat so much again when they come at it as will keep them three of four days fasting after, like unto hungry wolves.¹

Tá sé le tuiscint óna chuid litreacha gur shíl sé gur chóir na Cochlánaigh a threascairt trína gcuid tailte a ghabháil, ach nárbh fiú Protastúnaigh a dhéanamh den chosmhuintir mar go dtabharfadh sé sin cosaint éigin dlí dóibh.

Chuaigh de Renzy chun cónaithe i gContae Uíbh Fhailí roimh phlandáil an tiarnais sa bhliain 1620. Bhí 25% den talamh le tabhairt do phlandálaíthe de réir na gcoinníollacha a leag an rialtas síos sna blianta 1619 agus 1620 i dtaobh iarthar Uíbh Fhailí. Mar a tharla, ní raibh sé chomh furasta sin an tionscadal úd a chur ar bun. Bhí ar an dá chultúr teacht chun réitigh mar a tháinig ar fud na hÉireann agus a rian sin ar na tithe móra a thóg an uasaicme mar léiriú ar mhíneadas úr na haoise. Ach bhí na caisleáin fós ann agus i gceann acu sin a bhí de Renzy ina chónaí.

Shíl sé riamh go mbeadh gá aige le Gaeilge chun dul chun cinn in Éirinn, agus chuir sé aithne agus caidreamh ar aos dána na háite. Mhúin Tadhg mac Dáire Mhic Bhruaidealha (file a raibh Donncha Ó Briain, 4ú hIarla Thuamhan agus Protastúnach, mar phátrún aige) agus Conchubhar Mac Bruaidealha Gaeilge dó, agus ba é Conchubhar a chum an dán *Oraoid úaim go O Rénsi* dó. Ó Thadhg Ó hUiginn, file, a fuair sé Gaeilge na scol. Scríobh Conchubhar litir i nGaeilge i Mí Eanáir 1631 chun de Renzy a chur in aithne don saol Gaelach. Bhí Laidin, Iodáilis, Fraincis, Spáinnis, Gearmáinis agus Béarla ag de Renzy cheana agus ba bheag an stró air teanga eile a thabhairt leis, rud a rinne sé go seoigh. D'ainmnigh filí Leath Mhogha é mar bhreitheamh neamhspleách idir iad agus filí Leath Chuinn in *Iomarbhágh na bhFileadh* (Iomarbhá na bhFilí, 1616-24), díospóireacht bhríomhar fhileata faoi chúrsaí an tsaol ag an am.

Ní dhearna sé faillí ina leas féin. Fuair sé tailte eile agus d'fhill ar an bpríomhchathair, áit ar ceapadh é mar shuirbhéir ar an gCustam. (Ba é an poitigéir a bhí aige Joseph Ryckman, duine den scata Ollannach oilte a chuaigh chun cónaithe in Éirinn go luath sa 17ú haois.) Bhí sé féin agus a mhac Matthew ina gníomhairí Éireannacha ag Lionel Cranfield, Earl of Middlesex. Ní raibh sé ina shláinte ó 1634 amach agus cailleadh é ar 29 Lúnasa 1634 i mBaile Átha Cliath, 'at his house upon the key [quay] of Dublin,' is dócha.

Thóg a mhac Matthew leac do i dteampall i mBaile Átha Luain agus inscríbhinn air a luann graiméar Gaeilge, foclóir Gaeilge agus croinic i nGaeilge a chum de Renzi 'to his great applause'. Níor aimsíodh riamh na saothair atá i gceist, cé go bhfuil sé ráite go mb'fhéidir go bhfuil siad i dtaisce i leabharlann iasachta.

Le léamh:

Breandan Ryan, 'A German Planter in the Midlands,' *History Ireland*: <http://www.historyireland.com/early-modern-history-1500-1700/a-german-planter-in-the-midlands/>

James Lyttleton, 'Seventeenth-century west Offaly' in *Early Modern History (1500–1700)*, Features, Issue 1 (Spring 2004), Volume 12 : <http://www.historyireland.com/early-modern-history-1500-1700/seventeenth-century-west-offaly/>

McInnerny, Luke: 'Lettermoylan of Clann Bhruaidealha: A résumé of their landholding, topography & history': http://www.academia.edu/2346430/Lettermoylan_of_Clann_Bhruaidealha_A_resume_of_their_landholding_topography_and_history

¹ Luaite in Ryan, 'A German Planter in the Midlands'.

Mac Cuarta, Brian: 'Conchubhar Mac Bruaideadha and Sir Matthew De Renzy (1577–1634),' in [Éigse 27](#) (1993), pp. 122–126.

Mac Cuarta, Briain. 'A Planter's Funeral, Legacies, and Inventory : Sir Matthew De Renzy (1577-1634)' in *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*. Vol. 127, (1977), pp. 18-33.

Biography of Sir Matthew De Renzy by Conchubhar Mac Bruaideadha, incl. a dedicated poem beg. *Oraoid úaim go O Rénsi*. From PROL SP 46/92/188; with Engl. transl.: <http://bill.celt.dias.ie/vol4/displayObject.php?TreeID=1969>

Richard Bagwell, **Matthew de Renzy**, *Dictionary of National Biography*, 1885-1900, Volume 48: [https://en.wikisource.org/wiki/Renzy,_Matthew_de_\(DNB00\)](https://en.wikisource.org/wiki/Renzy,_Matthew_de_(DNB00))



Foclóireacht

Tá foclóir Uí Dhónaill agus foclóir de Bhaldraithe ar fáil anois ar www.scriobh.ie, suíomh a n-aimsítear 'eolas cuimsitheach ar na háiseanna ríomhaireachta agus idirlín atá bainteach leis an nGaeilge'. Tá foclóir Uí Dhuinnín le fáil ann freisin le tamall anuas.

Is iontach na háiseanna iad seo do ghréasán na Gaeilge ar fud an domhain.



Ladrainn ar seachrán

Sna Stáit Aontaithe agus in Iosrael is túisce a tháinig ladrainn (eitleáin cianrialaithe) in úsáid agus ba ghearr go ndearnadh aithris go forleathan orthu. Tá siad á n-úsáid anois ag caoga tír ar a laghad. Ní fada go mbeidh ladrainn fhéinrialaithe ann agus an intleacht shaorga ag éirí níos cumasaí in aghaidh na bliana agus.

Droch-cháil atá ar ladrainn mhíleata faoi láthair agus daoine á rá go bhfuil na mílte sibhialtach maraithe acu san Afganastáin agus sa Phacastáin. Is deacair gan botúin a dhéanamh agus na picteilíní ar scáileán an rialaitheora chomh doiléir sin nach féidir ciseán a aithint thar Kalashnikov.

Is tráthúil an píosa é, mar sin, an ceann a chum Katia Moskvitch don BBC le déanaí (6 February 2014: BBC Future <http://www.bbc.com/future/story/20140206-can-drones-be-hacked>): 'Are drones the next target for hackers?' Níl i ladrann ach ríomhaire eitilte agus is féidir ríomhaire ar bith a haiceáil.

Tá bealaí difriúla ann lena dhéanamh. Is féidir leat an córas suite domhanda (GPS) a chur ar seachrán, rud a rinne na hIoránaigh tamall ó shin, más fíor, nuair a thug siad ladrann faireachais de chuid an CIA anuas. Thaispeáin triail a rinneadh in Ollscoil Texas gurb amhlaidh gur féidir mearbhall a chur ar ladrann ar an dóigh sin le fearas neamhchostasach. Tá bealaí eile ann: fothaí ('feeds') neamhchriptithe ón ladrann a cheapadh nó comharthaí wi-fi a bhriseadh.

Ní áiseanna cogaidh amháin iad na ladrainn. Is féidir feidhm a bhaint astu le haghaidh cuardaigh agus tarrthála, faireachas póilíneachta, monatóireacht barraí nó ainmhithe agus gnóthaí tráchtála. Tá siad in ann tinte foraoise a aimsiú go luath (rud a rachadh ar sochar go mór don Astráil) agus ceamaraí nó cianbhraiteoirí ar bord acu a thugann eolas faoi áit, luas, theocht agus thírime na tine a sholáthar. I bPeiriú baineann seandálaithe feidhm as ladrainn neamhchostasacha le haghaidh suirbhéireachta agus chun faire a dhéanamh ar shuiteoirí agus mhianadóirí. Cuireann siad ar chumas seandálaithe mionsamhlacha tríthoimhseacha de láithreáin a dhéanamh gan dua.

Is iomaí deis a bheadh ag haiceálaí, mar sin, dul i gceann oibre, agus is iomaí rud a d'fhéadfadh é a spreagadh: saint, sceimhlitheoireacht, greann nó spaireacht. Uaireanta bheadh doicheall ar dhaoine roimh an bhfaireachas ann féin. Tá na haiceálaithe agus na heolaithe ag dul i ngleic le chéile, agus ní beidh bua buan ag ceachtar acu.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Leagan simplithe

Matthew de Renzy

Ceannaí éadaigh as Cologne ba ea Matthew de Renzy (1577-1634). Bhi baint aige le plandáil na hÉireann, ach bhí sé sáite i saol na Gaeilge freisin. Bhí cónaí air in Antwerp san Ísiltír ar dtús, ach bhí cúrsaí gnó chomh dona sin de bharr an chogaidh idir an Spáinn agus na hOllannaigh go ndeachaidh sé go dtí Londain. Níor éirigh go maith leis ansin ach oiread agus chuaigh sé go dtí Éire. D'éirigh sé mór le daoine mór le rá ann agus shiúil sé an tír.

Cheannaigh sé talamh agus caisleán i gContae Uíbh Fhailí. Bhí muintir Chochlánaigh i réim ann agus bhí doicheall orthu roimhe. Scriobhadh de Renzi chun na n-údarás ag iarraidh cabhrach agus is léir n'ar thaitin a chomharsana leis. Shíl sé ag an am gur chóir na Cochlánaigh a threascairt trína gcuid tailte a ghabháil. Shíl sé freisin nárbh fiú Protastúnaigh a dhéanamh den chosmhuintir mar go dtabharfadh sé sin cosaint éigin dli dóibh.

Shíl sé riamh gurbh éigean dó Gaeilge a fhoghlaim chun dul chun cinn in Éirinn, agus chuir sé aithne ar lucht léinn na hÉireann. D'fhoghlaim sé Gaeilge ó Thadhg mac Dáire Mhic Bhruaidealha, ó Chonchubhar Mac Bruaidealha agus ó Thadhg Ó hUiginn. Bhí mórán teangacha aige cheana agus fuair sé máistreacht ar an nGaeilge. Bhí a chuid Gaeilge chomh maith sin gur toghadh é mar bhreitheamh neamhspleách in Iomarbhá na bhFilí (1616-24), díospóireacht cháiliúil fhileata.

Fuair sé tailte eile agus d'fhill sé ar Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuair sé bás. Dúirt a mhac Matthew gur chum Matthew graiméar Gaeilge, foclóir Gaeilge agus croinic i nGaeilge, ach níl teacht ar na saothair sin anois.

Ladrainn ar seachrán

Sna Stáit Aontaithe agus in Iosrael is tuisce a tháinig ladrainn (eitleáin cianrialaithe²). Tá siad á n-úsáid anois ag caoga tír ar a laghad.

Tá daoine á rá anois, áfach, gur féidir ladrainn a haiceáil. Níl iontu ach ríomhairí eitilte.³ Is féidir an córas suite domhanda (GPS) a chur ar seachrán, eolas neamhchriptithe⁴ ón ladrann a ghabháil nó comharthaí wi-fi a bhriseadh.

Baintear feidhm as ladrainn mar áiseanna míleata, ach is féidir iad a úsáid ar bhealaí eile. Úsáidtear iad le haghaidh cuardaigh agus tarrthála,⁵ faireachas⁶ póilíneachta, monatóireacht barraí nó ainmhithe. Tá siad in ann tinte foraoise a aimsiú agus eolas a sholáthar fúthu. Baineann seandálaithe feidhm astu chun láithreáin a fháil agus a chosaint.

Is iomaí deis a bheadh ag haiceálaí, mar sin, briseadh isteach iontu. Tá na haiceálaithe agus na heolaithe ag dul i ngleic le chéile faoi láthair agus is dócha nach mbeidh bua buan ag ceachtar acu.

² Cianrialaithe – remote controlled

³ Eitilte - flying

⁴ neamhchriptithe – unencrypted

⁵ Cuardach agus tarrtháil – search and rescue

⁶ Faireachas - surveillance